An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Ainmniúchán d'iarrthóir sa toghchán chuig an gComhairle Mhúinteoireachta

TREORACHA

Tabhair faoi deara **nach mór** d'iarrthóir atá le seasamh don toghchán chuig an gComhairle a bheith ainmnithe i scríbhinn trí pháipéar ainmniúcháin san fhoirm atá leagtha amach thíos. Ní mór d'iarrthóirí a bheith curtha isteach sa Rolla Toghthóirí sa Toghchatagóir agus sa Toghcheantar Tíreolaíoch dá bhfuil siad ag lorg ainmniúcháin.

Cuireadh an Rolla Toghthóirí, liosta na múinteoirí cláraithe atá in ann vóta a chaitheamh sa toghchán, i gcrích ar an 30 Meán Fómhair 2015. Tá aon mhúinteoir atá cláraithe ar an dáta sin i dteideal ainmniúchán a lorg don toghchán chuig an gComhairle.

Ní mór don ainmniúchán seo a bheith sínithe ag 15 Thoghthóir a bhfuil a n-ainmneacha curtha isteach sa Rolla Toghthóirí sa Toghchatagóir agus sa Toghcheantar Tíreolaíoch dá bhfuil an duine ainmnithe le bheith mar iarrthóir.

Ba chóir an Fhoirm Toilithe (A) chomhlánaithe atá sínithe agus fianaithe ag múinteoir incháilithe, Páipéar Ainmniúcháin (B) agus Ceapacháin Gníomhairí (C), más gá, a bheith seachadta ag an ainmní é nó í féin, nó tríd an bpost, chuig **Ainmniúcháin Toghcháin, An Chomhairle Mhúinteoireachta, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara,** le bheith ag an gCeann Comhairimh am ar bith idir an 8 Eanáir 2016 agus 4.00pm ar an 29 Eanáir 2016.

Ní ghlacfar le hainmniúcháin a chuirtear trí fhacs nó ar ríomhphost.

Féadfaidh ainmní don toghchán gníomhaire amháin nó níos mó a cheapadh, agus ní mór ainm an duine nó ainmneacha na ndaoine sin a chur in iúl don Cheann Comhairimh i scríbhinn tráth nach déanaí ná 4.00pm ar an 29 Eanáir 2016.

Tá an t-ainmní freagrach as a chinntiú go ndéantar na doiciméid uile a chomhlánú i gceart agus a chur isteach ar nó roimh an spriocdháta de 4.00pm ar an 29 Eanáir 2016.

Moltar d'ainmnithe teagmháil a dhéanamh leis an gCeann Comhairimh i bhfad roimh an spriocdháta lena chinntiú go bhfuil a gcuid doiciméad in ord.

GRIANGHRAIF AGUS RÁITIS AINMNIÚCHÁIN A CHUR ISTEACH AR RÍOMHPHOST

Ní mór d'iarrthóirí ainmnithe na nithe seo a leanas a chur isteach chuig elections@teachingcouncil.ie freisin faoi 4.00pm ar an 29 Eanáir 2016:

- íomhá leictreonach de sheat cloiginn an iarrthóra ainmnithe i bhformáid JPEG nó PNG de 30mm (leithead) x 40mm (airde) agus taifeach 300 dpi. Ba chóir don chloigeann a bheith i lár na híomhá. Ní mór staidiúir tosaigh ag féachaint díreach ag an gceamara agus an aghaidh iomlán ar taispeáint a úsáid agus ba chóir é a ghlacadh in aghaidh cúlra atá go hiomlán bán, bánbhuí nó liath éadrom.

- ráiteas nach bhfuil níos mó ná 200 focal ina leagann an t-iarrthóir amach an fhís atá aige nó aici don Chomhairle agus breac-chuntas ar na cúiseanna a cheapann sé nó sí cén fáth ar chóir é nó í a thoghadh. Is féidir an ráiteas a chur isteach i nGaeilge nó i mBéarla nó mar leagan cóipeáilte den dá theanga, ar an gcoinníoll nach ngabhtar thar an teorainn fhoriomlán de 200 focal do gach teanga. Coimeádann an Ceann Comhairimh an ceart cóipeagarthóireacht a dhéanamh ar an ráiteas nó gan é a fhoilsiú áit a measann sé gur ábhar dímheasúil nó clúmhillteach atá ann.

Ní féidir glacadh le grianghraif ná le ráitis tar éis 4.00pm ar an 29 Eanáir 2016.

Foilseofar grianghraif agus ráitis na n-iarrthóirí bailí ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta agus ar an gcóras vótála ar líne.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

A: FOIRM TOILITHE (toghchán múinteoirí chuig an gComhairle Mhúinteoireachta)

TOILÍM,_____[priontáil ainm an ainmní i mBLOCLITREACHA]

(Cuir tic de réir mar is cuí)

☐ a) atá fostaithe faoi láthair i:

Ainm na Scoile: _____

Seoladh na Scoile: _____

_____

Uimh. Rolla na Scoile: _____

NÓ

☐ b) nach bhfuil fostaithe faoi láthair, ach atá cáilithe le teagasc in Iarbhunscoil Aitheanta in earnáil na meánscoileanna deonacha,

Uimhir Chláraithe Mhúinteora: _____

Seoladh le haghaidh comhfhreagrais: _____

_____

Sonraí teagmhála: UIMHIR FHÓIN I RITH AN LAE / SEOLADH R-PHOIST

le bheith ainmnithe don toghchán chuig an gComhairle Mhúinteoireachta, i g**Catagóir 2: Toghthóirí atá cláraithe le teagasc in Iarbhunscoil Aitheanta agus a socraítear go bhfuil a gcatagóir in earnáil na meánscoileanna deonacha** sa Toghcheantar Tíreolaíoch seo a leanas:

Toghcheantar Tíreolaíoch (cuir isteach tic)	Connachta, An Mhumhain agus Ulaidh	Laighin

DEARBHÚ AN AINMNÍ

Deimhním go raibh mé ainmnithe ag 15 Thoghthóir ar a laghad a bhfuil a n-ainmneacha curtha isteach sa Rolla Toghthóirí sa Toghchatagóir agus sa Toghcheantar Tíreolaíoch dá bhfuilim ainmnithe, go bhfuil an páipéar ainmniúcháin ó na Toghthóirí sin iniata leis seo, agus go bhfuil na ráitis ar an bhfoirm seo, agus ar na páipéir ainmniúcháin iniata, i gceart. Déanaim an deimhniú seo ag creidiúint go bhfuil an rud céanna fíor.

_____ _____

Síniú an ainmní Dáta

DEARBHÚ AN FHINNÉ

Is é AINM AN AINMNÍ I mBLOCLITREACHA a shínigh é seo: (comhlánaigh ceann amháin díobh seo a leanas)

i. a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi;
ii. ar chuir AINM é nó í in aithne dom a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi; nó
iii. a bhfuil a aitheantas nó a haitheantas curtha in iúl dom sula ndearna mé an Dearbhú seo trí SONRAÍ AN AITHEANTAIS ATÁ CURTHA AR FÁIL a chur ar fáil dom.

_____ _____

Síniú an fhinné (Múinteoir Incháilithe) Dáta

_____ _____

Priontáil ainm an fhinné i mBLOCLITREACHA Uimhir Chláraithe Mhúinteora an fhinné

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

B: PÁIPÉAR AIMNIÚCHÁIN – EARNÁIL NA MEÁNSCOILEANNA DEONACHA

Cuirimid, a bhfuil ár n-ainmneacha thíos leis seo, mar Thoghthóirí atá cláraithe le teagasc in Iarbhunscoileanna Aitheanta in earnáil na meánscoileanna deonacha AINM AN AINMNÍ (BLOCLITREACHA)____Uimhir Chláraithe: UIMHIR CHLÁRAITHE_____agus atá (i) fostaithe in Iarbhunscoil Aitheanta in earnáil na meánscoileanna deonacha ag AINM NA SCOILE (BLOCLITREACHA)_____

NÓ (ii) atá cáilithe le teagasc in Iarbhunscoil Aitheanta in earnáil na meánscoileanna deonacha i dtaca leis an Toghcheantar Tíreolaíoch de AINM TOGHCHEANTAIR (BLOCLITREACHA)_____ chun cinn mar iarrthóir don toghchán chuig an gComhairle Mhúinteoireachta don chatagóir sin.

SONRAÍ NA dTOGHTHÓIRÍ ATÁ AG AINMNIÚ				
	Ainm (priontáil)	**Seoladh le haghaidh Comhfhreagrais**	**Uimhir chláraithe**	**Síniú**
1				
2				
3				
4				
5				
6				
7				
8				
9				
10				
11				
12				
13				
14				
15				

Ní mór do na hainmnitheoirí a bheith taifeadta ar an Rolla Toghthóirí sa Toghchatagóir chéanna agus sa Toghcheantar Tíreolaíoch céanna leis an múinteoir atá ainmnithe.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

C: CEAPACHÁN GNÍOMHAIRE/ GNÍOMHAIRÍ

Déanaim, AINM AN AINMNÍ (BLOCLITREACHA) ainmní don toghchán i g**Catagóir 2: Toghthóirí atá cláraithe le teagasc in Iarbhunscoil Aitheanta agus a socraítear go bhfuil a gcatagóir in earnáil na meánscoileanna deonacha** sa Toghcheantar Tíreolaíoch seo a leanas:

Toghcheantar Tíreolaíoch (cuir isteach tic)	Connachta, An Mhumhain agus Ulaidh	Laighin

an duine/ na daoine atá ainmnithe thíos a cheapadh le bheith mo ghníomhaire/ ghníomhairí

AINM AGUS SEOLADH AN GHNÍOMHAIRE

AINM AGUS SEOLADH AN GHNÍOMHAIRE

AINM AGUS SEOLADH AN GHNÍOMHAIRE

_____ _____

Síniú an ainmní Dáta

De bhun Rialachán 13 de na Rialacháin um Chomhairle Mhúinteoireachta (Comhaltaí a Thoghadh) 2015, féadfaidh gach duine atá ainmnithe le bheith mar iarrthóir duine amháin nó níos mó a cheapadh le gníomhú mar a ghníomhaire nó a gníomhaire agus áit a gcuireann an t-ainmní ainm an duine sin a cheaptar in iúl don Cheann Comhairimh i scríbhinn roimh an tréimhse éaga le hainimiúcháin a fháil, beidh an duine sin mar ghníomhaire den ainmní sin (nó má éiríonn leis an ainmní sin a bheith mar iarrthóir, den iarrthóir sin).

Féadfaidh gníomhaire d'ainmní a bheith i láthair, trí shocrú a dhéanamh roimh ré leis an gCeann Comhairimh, nó de réir mar a shocraíonn an Ceann Comhairimh, thar ceann an ainmní ar an mbreith ar na hainmniúcháin. Ní bheidh aon duine eile seachas ainmní agus a ghníomhaire nó a gníomhaire i dteideal a bheith i láthair ach amháin má fhaightear cead ón gCeann Comhairimh.

Féadfaidh gníomhaire d'iarrthóir a bheith i láthair, trí shocrú a dhéanamh roimh ré leis an gCeann Comhairimh, nó de réir mar a shocraíonn an Ceann Comhairimh, thar ceann an iarrthóra nuair a dhéantar na vótaí a chomhaireamh. Ní bheidh aon duine eile seachas iarrthóir agus a ghníomhaire nó a gníomhaire i dteideal a bheith i láthair ach amháin má fhaightear cead ón gCeann Comhairimh.

Cuirfidh gníomhaire, más gá sin, toiliú an ainmní nó an iarrthóra (de réir mar a bheidh) ar fáil maidir lena cheapachán nó a ceapachán mar ghníomhaire don Cheann Comhairimh nó do dhuine ar bith atá údaraithe le gníomhú thar ceann an Cheann Chomhairimh le cigireacht a dhéanamh air.